

# Doras Fuinneog Scuab

Úrscéal le  
Seán Mac Mathúna

An Chéad Eagrán 2015  
© Seán Mac Mathúna 2015

ISBN 978-1-909907-57-7

*Ní thagraíonn aon phearsa ficseanúil sa scéal seo  
d'aon duine sa saol réadúil.*

Gach ceart ar cosnamh. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Clóchur, dearadh agus pictiúr clúdaigh: Caomhán Ó Scolaí

Clódóireacht: Clódóirí Lurgan



Foras na Gaeilge

Tugann Foras na Gaeilge tacaíocht airgid do Leabhar Breac



Tugann An Chomhairle Ealaíon tacaíocht airgid do Leabhar Breac

Leabhar Breac, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.

Teil: 091-593592

Dhúisigh an buachaill go tobann. Roimhe san bhí sé ag taibhreamh ar stoirm in úllord agus úlla ag preabadh ar fud na háite. Anois d'éist sé lena chompánaigh ina gcodladh in aice leis. Taobh amuigh de na fuinneoga bhí na crainn mhóra ag luascadh sa ghaoth agus chaitheadar a scáthanna ar na fallaí bána sa tsuanlios. In áit éigin chuala sé teilifís ar siúl os ard go dtí gur múchadh é. Ansan daoine ag gáire, ansan doras ag plabadh. Ansan ciúnas. D'fhéach sé ar a uaireadóir. Bhí sé díreach a dó dhéag. Bhrostaigh sé go dtí an t-almóir agus thóg sé amach a chuid éadaigh — chuir sé air dhá phéire jeans, geansaí trom, anorac agus bróga reatha Nike. Ansan shleamhnaigh sé trasna go dtí leaba in aice na fuinneoige agus dhúisigh sé an buachaill a bhí ina chodladh ann.

'A Shéimí!' ar seisean. D'oscail an buachaill a shúile is d'fhéach sé ar an mbuachaill eile.

'Cad atá uait, a Dor?' ar seisean go codlatach.

'An cuimhin leat an plean a dhein mé?'

'Sea, is cuimhin.'

'Bhuel, seo é é, táim ag imeacht anois, ar mhaith leat teacht liom, a Shéimí?'

D'éist Séimí leis an ngaoth a chuir na fuinneoga ag canrán agus shuncáil sé é féin síos sa leaba. 'Dhorais, táim ró-óg,' a dúirt sé.

‘Táimse a trí déag,’ arsa Doras, ‘beagnach a ceathair déag aon lá anois, agus níl tusa ach dhá mhí níos óige ná mé.’

D’fhéach sé ar aghaidh Shéimí agus chonaic sé go raibh an buachaill míshásta.

‘Dhorais,’ ar seisean, ‘an uair dheireanach a d’éalaigh an bheirt againn ba bheag nár cailleadh leis an bhfuacht sinn ar an dtrá. Agus ansan chuireadar anso sinn i Naomh Cecilia, an dílleachtlann is cruá dá bhfuil ann. Má bheirtear orainn an turas seo cuirfear go dtí Naomh Jerome sinn, agus ainm eile ar an áit san ná “Naomh Slán Leat!” Nílim ag imirt an turas seo, a Dor.’

‘Naomh Slán Leat! Sea! Tá go maith, más ea, seo chuige mé,’ agus chuaigh sé thar n-ais go dtína leaba féin is chuir cuma uirthi mar dheá is go raibh buachaill fós inti.

‘Cá bhfuil tú ag dul an turas seo?’ arsa Séimí.

‘Níl a fhios agam. Amach fén dtuath, b’fhéidir. Sea, bheadh an tuath níos sábháilte, beirtear i gcónaí ort sa chathair. Ach tá an tuath lán d’ainmhithe agus madraí. Slán, a Shéimí.’

‘Cad a dhéanfaidh tú i dtaobh Blackie? Tá’s agam go bhfuil bua agat le madraí — ach Blackie? Sin scéal eile istoíche.’

‘Raghaidh mé sa tseans.’

Bhí fothram amuigh sa phasáiste agus d’fhan an bheirt ina staic. Ba é an tUasal Mac Eoin é agus é ag siúl timpeall. Léim amháin agus bhí Doras thar n-ais ina leaba agus é

suncáilte síos inti. Osclaíodh an doras, agus phreab ga solais timpeall an tseomra gan leaba a chailliúint. Chualadar a ghuth: ‘A naoi, a deich, a haon déag.’ Ansan, go han-mhall, dúnadh an doras arís, agus ina dhiaidh san chualadar a choischéimeanna ag dul in éag.

Thug Doras cúig nóiméad eile dó. Ansan phreab as an leaba, leag lámh ar ghualainn a chara, is d’fhág an seomra. Síos an dorchla leis agus na bróga reatha ina lámh aige. Bhí áthas air nach raibh Séimí ag teacht leis mar bhí sé saghas mall agus mhillfeadh sé an scéal air. Chuaigh sé isteach i seomra níocháin a sé agus d’éist sé le píobáin an teas lárnaigh ag séideadh is ag slogadh. In áit éigin plabadh doras. Gan aon choinne bhraith sé an-uaigneach. Bhí na píobáin ag caint leis agus is é a bhí á rá acu ná: ‘Bíodh ciall agat, téir thar n-ais go dtí do leaba bhreá the.’ Chuaigh sé amach sa dorchla agus d’fhéach sé suas. Ansan d’fhéach sé síos. Chas sé agus thóg sé coiscéim suas. Ansan stop sé. Bhí rud éigin eile ag caint leis agus níorbh aon pháibán é. Is é a bhí á rá ag an rud seo ná: ‘Bíodh misneach agat.’ ‘Tá go maith,’ arsa Doras ina aigne féin agus ghlan sé leis síos an dorchla agus amach leis sa chlós trí fhuinneog sa chistin.

Bhain an t-aer fuar cnead as ach bhí sé ag guí nach gcloisfeadh éinne é agus é ag siúl ar an ngrean mar gur dhein na clocha beaga faoi chois fústar mór. D’fhéach sé ar an dílleachtlan — bhí fuinneog amháin faoi sholas —

ba leis an Uasal Mac Eoin í sin. Bhí sé ag léamh, b'fhéidir.

Léim sé ón ngrean go dtí an féar glas agus thuirling sé gan glór ar bith mar bhí an féar breá ciúin. Gan aon mhoill bhí sé istigh sna labhróga a bhí ag bun an fhalla. Thug sé an tsracfhéachaint dheireanach ar an teach mór a bhí mar bhaile aige le dhá bhliain roimhe sin. Baile? Fan go fóill. Ní baile a bhí ann ach teach mór ina bhfuair sé fothain ón aimsir agus trí bhéile in aghaidh an lae. Sin é an fáth go raibh sé ag imeacht. Mar theastaigh baile uaidh, áit ina mbeadh fáilte roimhe i gcónaí. Agus cá bhfaighfeadh sé a leithéid d'áit? Bhuel!

Mhúch solas an Uasail Mhic Eoin — bhí an áit anois ar fad ciúin agus an-dorcha. D'fhéach sé ar bharr an fhalla — bhí sé indéanta. Go tobann reoigh an croí ann — bhí glór beag laistiar de. Chas sé timpeall agus cé a bheadh ann ach Blackie. Madra mór ba ea é nach raibh dubh in aon chor mar alsáiseach bán a bhí ann agus clú mallaithe air i measc na mbuachaillí eile. B'ionadh leo nuair a chonaiceadar go raibh Doras ábalta ar é a láimhseáil gan stró.

Ach anois ní raibh Doras róchinnte sa dorchadas, agus an sceamh a bhí ag teacht ón madra, bhí sé nimhneach. 'Hé! a Bhlackie, a pheata, tá's agat mise, Doras, do chara. Sea, do chara.' Agus shín sé a lámh chun an mhadra. D'fhan an madra mar a raibh.

'Seift a haon,' arsa Doras ina aigne féin, agus thóg as a phóca píosa de shlisín agus thaispeáin don madra é.

D'fhéach an bheirt ar a chéile. Chuir Doras ina bhéal féin é agus bhris fén bhfiacail é, rud a scaoil boladh na muice chun an mhadra. Ach ní raibh an alsáiseach ag imirt. Sea, más ea, bhí gá le seift a dó. Bhí gríscín uaineola aige a bhí ina chnámh ar fad, ach smut feola greamaithe de sa chúinne. Chomh luath is a chonaic an madra é bhí sé i ngrá le Doras láithreach. An fhaid is a bhí Blackie ag cogaint leis thug Doras fén bhfalla agus nuair a bhain sé amach an barr scaoil sé osna teannais as féin. 'Hé, a Bhlackie, a phlobaire ghránna, slán leat go deo,' arsa an buachaill — ach le cion, mar ní raibh an focal fuar ina phluic aige do mhadraí riamh. Agus thuig Blackie an scéal mar níor dhein sé ach casadh agus imeacht leis go leadránach.

Sea, b'in an cháil a bhí ar Dhoras, é a bheith ar a chumas madraí a láimhseáil, ba chuma cé chomh mallaithe is a bhíodar. 'Madraí agus mise — tuigimid a chéile.' Sin a déarfadh sé i gcónaí. Agus ina aigne féin mheas sé go mb'fhéidir go raibh sé féin tráth, i saol eile b'fhéidir, ina mhadra — nó rud éigin mar sin. Bhí a fhios aige go raibh an bua san aige ach mheas sé freisin go raibh bua éigin ag gach éinne óg is aosta — is é sin, más féidir leo é a aithint.

Stop Blackie agus chas sé agus lig sé giúin as. Thuig Doras láithreach cad a bhí tarlaithe. Bhí a fhios ag Blackie go raibh sé ag éalú agus theastaigh uaidh dul leis. Anois bhí sé i bponc mar bheadh air dul síos go Blackie arís agus é a chur thar n-ais go dtína bhosca oíche.

Thógfadh sé sin rófhada. Ina ionaid, is éard a dhein Doras ná dreapadh síos an falla go dtí an tsráid, áit inar thit sé agus inar iompaigh sé é féin ar an talamh mar a dhéanfadh aon chommando maith. Ansan phreab sé agus rith ar a dhícheall. Stad sé agus d'éist — níor chuala sé an madra ag glamaíl. ‘OK, a mhic, seo chughainn an chathair,’ arsa Doras, agus dhein sé a bhéal a chlúdach beagnach le bóna an anoraic. Choinnigh sé leis an taobh den tsráid ina raibh na scáthanna.

Bhí gaoth fhuar ag séideadh trí Bhaile Átha Cliath ón iarthar ach bhí an t-earrach tagtha agus bhí na sráideanna lán de chrainn silíní agus gach uair a théadh gluasteán thart dhéanadh sé na bláthanna bándearga a lasadh suas. Shiúil sé an-tapaidh mar theastaigh uaidh lár na cathrach a bhaint amach mar is ann a bheadh na sluaite daoine agus bhí sluaite daoine sábháilte. De réir mar a tháinig sé in aice lár na cathrach is ea a thug sé na siopaí bia go léir faoi deara, bialanna sceallóg, bialanna Síneacha agus bialanna Iodálacha, áiteanna ceibeab, parlúis píotsa, áiteanna burgar, sicín Kentucky agus pancóg, siopaí uachtar reoite. Bhí a theanga amuigh le dúil de gach saghas agus bhí ocraí thar an ngnáth air mar an mhaidin san bhí sé dána agus cuireadh chun a leaba é gan dinnéar. Bhí fadhb eile aige. Pingin ní raibh aige. Chuir boladh an bhia deabhadh air agus bhrostaigh sé leis isteach go dtí an lár agus féin am ar shroich sé an lár bhí sé lag leis an ocraí.



Stad sé ag na soilse tráchta istigh i gceartlár na cathrach agus gan tuairim aige cad a dhéanfadh sé. D'fhéach sé ina thimpeall, agus i ngach áit ba é an scéal céanna é. Bhí daoine ag rith as áiteanna bia le cartáin is boscaí is málaí agus ag léimt isteach i ngluaisteáin agus gach scairt gháire astu agus iad ag gearradh leo tríd an oíche.

Go tobann, baineadh sceit as mar cad a bheadh thall ar an dtaobh eile den tsráid ach scuadcharr na ngardaí. Bhí beirt ghardaí tar éis léimt as agus dul i ngreim le scata déagóirí a bhí callánach glórach go maith. D'fhág sé an áit láithreach agus d'éalaigh sé leis síos na cúlsráideanna go dtí na céanna mar bhí an áit san an-dorcha agus bhraith sé níos sábháilte dá bharr san.

Bhíodh na gardaí i gcónaí ag stopadh daoine agus ní mór an seans a bheadh ag buachaill ceithre bliana déag d'aois ag uair an mheánoíche. Dhein sé iarracht ar é féin a dhéanamh níos airde. Shiúil sé ar a bharraicíní agus chuir sé smuilc air féin, mar bíonn smuilc ar dhaoine fásta.

Ghabh sé thar siopa sceallóg eile. Bhí seisear sa scuaine ag an gcuntar. Shiúil sé caoga slat eile nó mar san agus stad sé. D'fhéach sé amach ar na céanna, áit a raibh an trácht ag éirí gann mar bhí sé ag éirí déanach. Bhí air cinneadh a dhéanamh agus bhí fuath aige ar chinneadh a dhéanamh mar bheadh trioblóid i gceist. Agus scéal a bheatha? Trioblóid!

An uair dheireanach a d'éalaigh sé le Séimí ba í an fhadhb ba mhó a bhí acu ná bia a fháil agus leaba istoíche.

Agus ansan rugadh orthu ar an dtrá! ‘Bhuel ní raibh sé sin chun tarlúint an turas seo,’ a dúirt Doras beagnach os ard agus dúirt sé arís is arís é. Thug sé sin sásamh dó. An turas seo beidh sé difriúil! Dhún sé a bhéal agus bhuail na fiacra ar a chéile agus shiúil sé suas go dtí an siopa sceallóg. Isteach leis agus thóg sé a ionad ag deireadh na scuaine. Cheap sé go leagfadh boladh na sceallóg é.

‘Cad atá uait?’ arsa an bhean ramhar seo agus a haghaidh báite in allas.

‘Mála mór sceallóg, ispín amháin. Ní hea, dhá cheann ... ní hea, trí cinn, agus filléad colmóra,’ ar seisean go breá socair ach an-mhúinte. Seo na huiscí isteach ina bhéal le dúil. Ní raibh éinne ag caint agus ní raibh aon ghlór le cloisteáil ach na hispíní ag friochadh san íle. Ba dheas an glór é.

Ach, fan, bhí glór eile! Agus bhí sé ag dul i méid! Cad é, arú? Ba bheag nár thit sé nuair a fuair sé amach cad é féin! A chroí ag bualadh! Cé a déarfadh é? A chroí féin! D’fhéach sé ina thimpeall. Bhí bean chun tosaigh air agus chuir sí cluas le héisteacht uirthi féin. Thosnaigh Doras ag slogadh, le féachaint an bhféadfadh sé é a stopadh — ach bhí an bualadh ag dul i méid. Chas an bhean is d’fhéach sí air. Ní raibh sí cinnte cad as ar tháinig an glór. Thóg Doras sceit ar fad agus thosnaigh sé ag portaireacht dó féin le súil go stopfadh sé an glór. Chas an bhean air agus chuir sí na súile tríd. Ansan chas sí ar na daoine eile agus labhair os ard.

‘Nach mór an náire é buachaill chomh hóg seo a

bheith ar meisce! Tá an saol ag dul in ainm an phota, a deirim, in ainm an phota!’

D’fhéach gach éinne ar Dhoras agus iad an-ghearánach, agus gach ‘ar meisce!’ astu. Tháinig an bhean ramhar aniar as an siopa agus scread sí ar Dhoras. ‘No meisce anso, capisco?’

Scread Doras thar n-ais uirthi: ‘No meisce, ní ólaim!’

‘Cén fáth tú cana?’ Shiúil sí síos go bun an tí agus dhírigh sí a lámh ar phóstaer a bhí ar an bhfalla, agus scríte air bhí ‘No casachtaí, No béicí, No canaí.’ Bhí a chroí ina bhéal ag Doras mar bhí eagla air go gcuirfí fios ar na gardaí.

‘Mio no cana, gabh mo leithscéal. Táim sa chór eaglaise. Tá mé ag cleachtadh don maidin amárach, Dé Domhnaigh, Aifreann, an dtuigeann tú?’

Stop san an bhean ramhar, ach lean sí ag cur na súl tríd. Ansan ní dúirt sí ach ‘no cana’ agus chuaigh sí thar n-ais laistigh den gcuntar.

‘Go bhfóire Dia orm ach bhí sé sin an-chóngarach,’ arsa Doras leis féin, ach bhí an croíbhualadh imithe.

Bhog an scuaine ar aghaidh. Bhailigh an bhean a bhí roimhe a cuid bia agus d’imigh go bacach go dtí an doras. Dhein an bhean ramhar bia Dhorais a chlúdach i bpáipéar nuachtáin agus bhuaile ar lár an chuntair é. ‘Cúig euro déag,’ ar sise, beagnach ina bhéic.

D’fhéach Doras sa scáthán, mar dhea, agus chonaic sé an bhean ag útamáil leis an doras. ‘Scéal cam ort, a bhitseach,’ ar seisean os íseal. Ní fhéadfadh sé éalú!

In ionad rith níor dhein sé ach labhairt an-mhúinte ar fad le bean an tí. ‘A bhean chóir, an bhféadfá mála a thabhairt dom freisin? Tá mo dhaidí ag feitheamh liom sa BMW.’

D’fhéach sí go míchéadfach air agus mheas sé go raibh sí chun é a bhualadh. Dhein sé gáire léi. Sa deireadh ghéill sí. ‘Franco, una plastica!’

Go tobann bhí bean na hútbamála imithe agus an doras ag feitheamh leis. Mar philéar as gunna rug Doras ar an mála plaisteach agus ghlan leis amach an doras de léim agus thuirling sé ar an gcosán. Ach níor stop sé nuair a chuala sé an scread a lig an bhean ramhar aisti. Cheapfá gur chuir duine éigin scian inti.

Síos an tsráid leis agus na cosa ag rith ar aer, beagnach. B’in an uair a chuala sé an rírú taobh thiar de. An bhean ramhar — chloisfeadh an saol eile í. ‘A Franco, Alberto, Luigi, scarperera! Scarperera! Bandito! Ladrones!’

Nuair a chuala sé an triúr ag teacht ina dhiaidh is gach béic astu ba bheag nár stopadh an croí ann. Phreab sé isteach sa chéad chúlsráid a chas ina threo, agus síos leis go dtí bun na sráide go dtí gur tháinig sé go dtí leoraí páirceáilte. Isteach leis faoi agus d’fhan ansan ina chnuaisín mar a bheadh cat. Bhí gearranáil air, agus an eagla a bhí air go gcloisfí an ghearranáil. Ní rabhadar i bhfad taobh thiar de agus, de réir dealraimh, bhí clann an-mhór ag an mbean ramhar mar ar fud na gcúlsráid-eanna go léir bhí na guthanna Iodálacha seo ag scréachach, agus na cosa in airde, ‘Luigi, Alberto, tá sé

anso, no, no, Giorgio, tá sé ansiúd, Alberto, Piano! Tá sé ansin.’ Ach ní bhfuairadar é agus níor dheineadar ach rásaíocht síos suas an ceantar ar fad.

Chaitheadar go léir na bróga reatha céanna — dearg, bán is gorm. Agus cad a tharlódh ach gur stop péire díobh díreach in aice leis an leoraí. Stad Doras an t-análú. Ansan chuala sé an guth in aice leis, ‘Tá an rógaire anso,’ agus sádh ceann isteach fén leoraí. ‘A Giorgio, tá sé anso in aice liom, an bandito.’ Ach má dúirt, phreab Doras amach an taobh eile agus ghlan sé leis isteach i gcúlstráid eile, agus an mhíorúilt ná go raibh na sceallóga fós ina ghreim aige.

Ach bhíodar ag breith suas air. Chuala sé torann na mbróg ag teacht in aice leis. Gan aon choinne, cad a tharla ach gur léim duine acu as sráidín agus ba bheag nár leag sé Doras. Leanadar é arís ach anois thuigeadar go raibh mo dhuine acu agus thosnaíodar ag béicíl ‘Bandito!’

Chuir an bhéicíl an oiread san eagla ar Dhoras gur thit an mála bia as a láimh — cé gur choinnigh sé dornán sceallóg fós. Chuala sé béic de shaghas eile taobh thiar de, agus d’fhéach sé ina dhiaidh. Cad a bheadh ann ach gur shleamhnaigh duine acu ar na sceallóga a bhí tite ar an tsráid agus thit sé agus thug sé deartháir eile leis.

Thug san am do Dhoras teitheadh isteach i mbialann. Bhain sé iontas as an lucht ite nuair a chonaiceadar an déagóir seo ag réabadh trí na boird chucu, agus ansan ag léimt isteach sa chistin agus triúr scafairí ina dhiaidh agus gach béic astu. Léimeadar isteach sa chistin ina

dhiaidh. Chonaic sé doras agus dhein sé caol díreach air ach leag sé plátaí folmha a bhí carntha ar bhord. An fothram a dheineadar ag titim ar an urlár thabharfadh sé fuil as cloch. Bhéic triúr cócairí, bhéic cailín freastail, bhéic na hIodálaigh — bhí an saol iomlán ag béicíl.

Bhí an t-ádh le Doras mar bhain sé amach clós beag agus pasáiste as ag dul amach ar shráid eile. Thug an tsráid san go sráidín eile é agus isteach i sráid mhór agus mar san de go dtí go raibh sé tar éis iad a chailleadh. Ní fhéadfadh sé é sin a chreidiúint agus chuaigh sé ar a ghlúine agus bhí a fhios aige nach raibh aon rith fanta ann.

Díreach os a chomhair chonaic sé lána beag. Léim sé isteach ann agus fuair sé amach go raibh sé taobh thiar de mhonarcha éigin. Bhí seanbhoscaí thall is abhus agus ceann an-mhór le falla in aice leis. É sin agus málaí plaisteacha de gach saghas i ngach áit. Chuir sé a dhroim le falla agus dhún sé na súile. D’fhan sé mar san agus análacha doimhne á dtógaint aige go dtí gur éirigh leis análú ar a shuaimhneas arís. Bhí boladh na sceallóg anláidir. D’oscail sé a lámh is dhein sé na sceallóga a lí lena theanga. Ansan thosnaigh sé orthu is níor sheasadar leathnóiméad. Bhí rud amháin cinnte — bhí gá lena thuilleadh sceallóg.

‘Sea. Cá bhfuil mo chuidse sceallóg?’ arsa guth taobh leis. Ba bheag nár thit Doras leis an ionadh. D’fhéach sé síos agus isteach sa bhosca. Ní raibh le feiscint sa